


# Glórtha ár Sinsear – Béaloideas Oirdheisceart na Gaillimhe

*Curtha in eagar ag Pádraig Ó Baoill i gcomhar le Loughrea History Project*

*Foilsitheoir: Coiscéim, Tigh Bhríde, 91 Bóthar Bhinn Éadair, Páirc na bhFianna, Binn Eadáir, Baile Átha Cliath 13. Coiscéim 2005-18*

Bhí an t-ádh ar cheantar Locha Riach go raibh bailitheoir fostaithe ag Coimisiún Bhéaloideas Éireann sna tríochaidí. Seán Ó Flanagáin an t-ainm a bhí air agus chónaigh sé i gCois Carraig, Baile Locha Riach le linn dó a bheith ag bailiú béaloidis sa chomharsanacht máguaird ag deireadh na tríochaidí. Baintear úsáid as an fó-nóta CBÉ 615 ag tagairt don ábhar a bhailigh sé sa chnuasach seo.

Rugadh Seán Ó Flannagáin 25 Márta i 1908. Tógadh é sa bhaile fearainn Cairthíní Beaga, taobh le Coill an Chuillinn i bparóiste Sean Eaglais taobh amuigh de Ghort Inse Guaire.

Bhí suim riamh sa bhéaloideas ag Seán Ó Flannagáin. Bhí sé mar chaitheamh aimsire aige béaloideas a bhailiú fiú sula ndeachaigh sé ag obair le Coimisiún Béaloideas Éireann. Fostaíodh é mar bhailitheoir lán-aimseartha idir Dheireadh Fómhair 1937 agus Eanáir 1940. Bhí timpeall 9000 leathanach beáloidis lámhscríofa aige i rith na tréimhse. Scríobhadh formhór an ábhar seo i nGaeilge agus tuigtear gur scríobh sé beagnach 14 leathanach gach uile lá le linn an ama seo. Cinnte, tá bailiúchán Uí Fhlannagáin ar cheann de na cnuasaigh béaloidis is fearr atá ar fáil in Éirinn.

Is léir go raibh a chroí san obair aige. An uair úd, bhí a lán daoine ag dul thar sáile ach b'fhearr i bhfad leis dul chuig na sléibhte le násc a chothú leis na glúnta roimhe. Bhí suim ag Seán Ó Flannagáin i ngach gné de shaol na ndaoine, rud atá le feiceáil san ábhair forleathan atá bailithe aige.

Mar aon le lámhscríbhinn Uí Fhlanagáin atá in úsáid anseo, bhí cnuasaigh cumasacha curtha le chéile i gcuid de na scoileanna áitiúla; Cillíní Díoma – CBÉ S184, Dún Doighre – CBÉ S164, Creachmhaoil – CBÉ S92, Caisleán Uí Dhálaigh – CBÉ S59 agus Cill Chon Iarainn – CBÉ S94.

Ní amhain go bhfuil scéalta is stair áitiúil curtha i gcló anseo ach is cinnte go raibh cuid den ábhar ar fáil ar fud na tíre. Is cinnte, áfach, go bhfuil blas ar leith ar na síscéalta, finscéalta, nósanna is traidisiúin ón cheantar. Tá sé suimiúil a thuiscint fosta go raibh leaganacha scéalta is amhráin ag taisteal na tíre an uair úd. Níl amhras ar bith ann ach go bhfuil amhráin Ultacha ar fáil anseo. Lena chois sin, ós rud é go raibh an oiread sin pisreoga, seanfhocail, tomhaiseanna, leigheasanna, dánta, paidreacha, scéalta ar logainmneacha is eile, roghnaíodh na samplaí is spéisiúla sa chnuasach le léiriú.